TORTHAÍ NA MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS:

'GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH': BEARTAS UM FHEABHSÚ SCOILEANNA'

Aibreán 2009

CLÁR ÁBHAR

		Leathanach
	Achoimre Fheidhmeach	3
1.	Réamhrá	5
2.	Faisnéis Chúlra maidir le Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna	6
3.	Bailiú Sonraí agus Comhairliúchán um Measúnacht Tionchair Chomhionannais	7
4.	Na Príomhthorthaí	9
5.	Conclúid agus Cinneadh na Roinne Oideachais	10
6.	Na Céad Chéimeanna Eile agus Socruithe Monatóireachta	11
	Iarscríbhinn A: Achoimre ar thráchtaí déanta mar fhreagra ar an gcomhairliúchán	12
	Iarscríbhinn B: Gníomhartha arna moladh ag freagróirí agus freagra na Roinne Oideachais	14

TORTHAÍ NA MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS: 'GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH': BEARTAS UM FHEABHSÚ SCOILEANNA'

Achoimre Fheidhmeach

1. Tá an Roinn Oideachais tar éis beartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna a fhorbairt, 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna', a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go bhfuil gach scoil ina scoil mhaith agus a thugann tús áite do riachtanais agus mhianaidhmeanna na ndaltaí aonair a chomhlíonadh.

2. Chuaigh an Roinn i gcomhairle maidir leis an dréachtbheartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna ó 21 Eanáir go 31 Márta 2008. Thacaigh na freagraí tríd is tríd leis an mbeartas ach bhí sé soiléir uathu chomh maith go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh sé níos soiléire i réimsí áirithe. Rinne an Roinn Measúnacht Tionchair Chomhionannais ar an dréachtbheartas. Chuimsigh sé seo tréimhse comhairliúcháin fhoirmiúil ó 5 Meán Fómhair go 31 Deireadh Fómhair agus fuarthas 3 fhreagra.

3. D'aontaigh na freagróirí go ginearálta go mbeadh tionchar dearfach ag an mbeartas. Is í an phríomh-shaincheist atá ag teacht chun cinn ná an gá le riachtanais éagsúla na ndaltaí a chur i bhfáth agus ar an mbonn sin, acmhainní a dhíriú agus an tacaíocht a chuirfear ar fáil a chur in oiriúint chun plé le tearcghnóthachtáil, tearcghnóthachtáil i measc grúpaí ar leith san áireamh. Ba iad na grúpaí ar leith a aithníodh ná buachaillí Protastúnacha ón lucht oibre, leanaí ón Lucht Siúil, leanaí faoi mhíchumas agus daoine óga a bhfuil claonadh gnéasach difriúil acu.

4. Beartas dírithe ar an leanbh is ea *Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna* a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach linbh, is cuma faoina gcúlra, a gcine, a n-inscne ná a reiligiún, a gcumas féin a bhaint amach ag gach céim dá bhforbairt. Chun na críche sin, ceann de phríomhthosaíochtaí an bheartais is ea díriú go sainiúil ar dhul i ngleic leis na

bacainní roimh fhoghlaim a bhíonn i gceist do mhórán daoine óga agus tacú le héiteas mianaidhme agus ardghnóthachtála do na daltaí go léir. Is í measúnacht na Roinne mar sin go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeartas ar gach ceann de na grúpaí Alt 75.

5. Tá an Roinn ag obair leis na comhlachtaí tacaíochta oideachais agus leis na scoileanna chun Gach Scoil ina Scoil Mhaith a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh. Leagann an beartas athbhreithnithe amach róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire don bheartas, chomh maith leis na socruithe monatóireachta atá á gcur ar bun. Táthar tar éis Plean Forfheidhmithe, a leagann amach na príomhghníomhartha, spriocanna agus scálaí ama, a fhoilsiú in éineacht leis an mbeartas athbhreithnithe agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

TORTHAÍ NA MEASÚNACHTA TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS: 'GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH': BEARTAS UM FHEABHSÚ SCOILEANNA'

1. Réamhrá

1.1 Éilíonn Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 ar an Roinn Oideachais, agus a cuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aici maidir le Tuaisceart Éireann, aird chuí a thabhairt ar an ngá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach; grúpa cine; aois; stádas pósta; claonadh gnéasach nó creideamh polaitiúil éagsúil acu;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

1.2 Chomh maith leis sin, ach gan dochar don dualgas thuas, ba chóir don Roinn aird chuí a thabhairt ar a inmhianaithe agus atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creidimh reiligiúnacha éagsúla nó dearcaí polaitiúla éagsúla acu nó daoine ó ghrúpaí cine éagsúla.

1.3 Éilíonn an reachtaíocht seo ar údaráis phoiblí measúnacht tionchair chomhionannais a dhéanamh más cosúil go mbeidh tionchar suntasach ag beartas molta ar chomhionannas deiseanna. Bheartaigh an Roinn Oideachais measúnacht tionchair chomhionannais a dhéanamh ar a dréachtbheartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna, 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Fheabhsú Scoileanna'. Trí an méid seo a dhéanamh, bheartaigh an Roinn nár chóir go mbeadh aon tionchar díobhálach ar cheann ar bith de ghrúpaí comhionannais Alt 75 mar thoradh ar an mbeartas molta. Is amhlaidh gurb í tuairim na Roinne ná go mbeadh dea-thionchair ag an mbeartas toisc go raibh sé mar aidhm aige caighdeáin a ardú do na daltaí go léir agus go raibh sé dírithe ar thacú leo siúd a bhfuil an gá is mó acu a gcumas iomlán a bhaint amach. Rinne an Roinn comhairliúchán poiblí ar a measúnacht tionchair chomhionannais ó 5 Meán Fómhair go 31

Deireadh Fómhair 2008 agus tá torthaí an chomhairliúcháin sin á bhfoilsiú sa doiciméad seo acu.

2. Faisnéis Chúlra maidir le ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna’

2.1 Tá an Roinn Oideachais tar éis beartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna a fhorbairt, ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna’. Rinneadh dréacht den bheartas a eisiúint le haghaidh comhairliúcháin ón 21 Eanáir go dtí 31 Márta 2008 agus rinneadh athbhreithniú air i gcomhthéacs fhreagraí an chomhairliúcháin agus na teagmhála le páirtithe leasmhara.

2.2 Tá sé d’aidhm ag an mbeartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna a chinntiú go mbeidh gach scoil ina scoil mhaith. Tugann sé tús áite do riachtanais agus do mhianaidhmeanna daltaí aonair a chomhlíonadh chun deis a thabhairt do gach leanbh, is cuma cén cúlra sóisialta atá acu ná cén áit ina bhfuil siad ina gcónaí, a gcumas iomlán a bhaint amach ag gach céim dá bhforbairt. Leagann an beartas amach conas a bhainfear é seo amach trí ardchaighdeáin a chur chun cinn ar fud an chórais scoile, trí thacú le scoileanna agus le múinteoirí go héifeachtach agus iad ag iarraidh sármhaitheas a bhaint amach agus trí chabhrú chun plé níos fearr leis na bacainní éagsúla roimh fhoghlaim a bhíonn i gceist do leanaí.

2.3 Tá róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí na bpáirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an mbeartas a sheachadadh leagtha amach sa reachtaíocht atá os comhair an Tionóil faoi láthair, a rachaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2010 má fhormheastar é. Cuirfear an beartas athbhreithnithe i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh agus tá plean forfheidhmithe foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais, lena n-áirítear na socruithe eatramhacha atá á gcur i bhfeidhm go dtí go mbunófar an tÚdarás Scileanna agus Oideachais in Eanáir 2010.

2.4 Tá tuilleadh faisnéise maidir le cúlra an bheartais agus le cur chuige an bheartais nua leagtha amach sa doiciméad beartais ‘Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna’ a foilsíodh an [?? Márta] 2009.

3. Bailiú Sonraí agus Comhairliúchán

Breathnú ar Shonraí agus ar Thaighde

3.1 Bhreathnaigh an Roinn ar raon leathan réimsí nuair a bhí an beartas athbhreithnithe á fhorbairt acu agus an mheasúnacht tionchair chomhionannais á déanamh acu. San áireamh leo seo bhí:

- Mionsonraí staitistiúla maidir le feidhmíocht scoileanna, lena n-áirítear sonraí faoi ghnóthachtáil ag deireadh gach príomhchéime agus sonraí a léirigh difríochtaí i ngnóthachtáil de réir inscne, bunúis eitnigh, cúlra sóisialta agus stíl bhainistíochta na scoileanna (Caitliceach nó faoi bhainistíocht eile);
- Torthaí iniúchtaí;
- Tuairiscíonn Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann agus Coiste Westminster um Chuntais Phoiblí maidir le litearthacht agus le huimhearthacht agus le taighde dá éis ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta i measc daltaí i dtuaisceart na hÉireann, a rinne scrúdú ar thearcghnóthachtáil buachaillí agus ar na difríochtaí idir scoileanna le feidhmíocht ard agus scoileanna le feidhmíocht íseal, agus taighde a dhéanann comparáid idir dea-chleachtas i litearthacht agus in uimhearthacht i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta;
- Taighde maidir leis an méid a bhíonn i gceist le scoil mhaith agus maidir le gnóthachtáil a fheabhsú i litearthacht agus in uimhearthacht; agus
- Réamhchomhairliúcháin le Grúpa Páirtithe Leasmhara an Athbhreithnithe ar Riarachán Poiblí, le hOifigigh Oideachais Shinsearacha agus Leas-Oifigigh Oideachais Shinsearacha ó na Boird Oideachais agus Leabharlainne, le Comhairle na Gaelscolaíochta agus le Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha. Tionóladh seisiúin chomhairliúcháin neamhfhoirmiúla le príomhoidí agus le daltaí ar fud an tuaiscirt chomh maith agus d'fhreastal Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil agus Cumann na gComhlachtaí Rialaithe ar na seisiúin seo chomh maith.

Comhairliúchán maidir leis an dréachtbheartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna

3.2 Chuaigh an Roinn i gcomhairle maidir leis an dréachtbheartas athbhreithnithe um fheabhsú scoileanna ó 21 Eanáir go 31 Márta 2008. Rinneadh iarracht sa ghníomh comhairliúcháin foirmiúil dul i dteagmháil leis an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir, lena n-áirítear múinteoirí, gobharnóirí, tuismitheoirí, daoine óga agus lucht gnó. Rinne an Roinn iarracht faoi leith príomhoidí na scoileanna iar-bhunoideachais a spreagadh chun dearcadh a ndaltaí faoi na moltaí beartais a fháil. Fuarthas freagraí ó 203 eagraíocht agus daoine aonair agus thacaigh siad leis an mbeartas don chuid ba mhó. Bhí tuairim shoiléir ag na freagróirí chomh maith go mbeadh an dréachtbheartas níos fearr dá mbeadh sé níos soiléire i réimsí áirithe, lena n-áirítear i ndáil le ról na ngobharnóirí, ceannaireacht, úsáid éifeachtach sonraí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an phobail.

3.3 Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na freagraí ar an gcomhairliúchán agus an mbealach ina bhfuil an Roinn ag plé leis na saincheisteanna a tugadh chun cinn leagtha amach sa doiciméad beartais athbhreithnithe, atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Comhairliúchán maidir leis an Measúnacht Tionchair Chomhionannais

3.4 Chuaigh an Roinn i gcomhairle maidir le measúnacht tionchair chomhionannais ó 5 Meán Fómhair go 31 Deireadh Fómhair 2008 chun tuairimí an phobail a fháil maidir le measúnacht na Roinne faoi thionchair chomhionannais an bheartais agus aon fhaisnéis bhreise a fháil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun tionchair chomhionannais a mheas.

3.5 Le linn na tréimhse comhairliúcháin rinne an Roinn na nithe seo a leanas:

- d'eisigh sí doiciméad comhairliúcháin mar aon le foirm freagartha comhairliúcháin do na scoileanna go léir, d'eagraíochtaí oideachais, do ghrúpaí Alt 75 agus do na daoine eile go léir a fhreagair an comhairliúchán maidir leis na moltaí beartais;

- chuir sí cóip de na doiciméid chomhairliúcháin ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais;
- bhí sí sásta na doiciméid chomhairliúcháin a chur ar fáil i bhformáidí malartacha dóibh siúd a raibh siad de dhíth orthu;
- bhí sí sásta cruinnithe comhairliúcháin a eagrú ar iarratas le daoine aonair nó le hionadaithe grúpaí sainleasa, agus aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith acu á gcur i bhfáth; agus
- d'fhreagair sí agus phléigh sí le ceisteanna go pras.

3.6 Fuarthas trí fhreagra ar an gcomhairliúchán.

4. Na Príomhthorthaí

Freagraí ar an gcomhairliúchán maidir leis an Measúnacht Tionchair Chomhionannais

4.1 D'aontaigh na freagróirí tríd is tríd go mbeadh tionchar dearfach ag an mbeartas, agus dúirt freagróir amháin:

> *'We envisage that implementation of the policy, Every School a Good School, may address some of the persistent inequalities that continue to exist in our society. Indeed, we agree that improving educational attainment can make a significant contribution to the promotion of equality of opportunity and improved social inclusion.'*
> (Samhlaímid go bpléifidh forfheidhmiú an bheartais, Gach Scoil ina Scoil Mhaith, roinnt de na héagothromais sheasta atá fós le feiceáil inár sochaí. Dar ndóigh, aontaímid gur féidir cur go mór le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus le cuimsiú sóisialta níos fearr trí ghnóthachtáil oideachasúil a fheabhsú).

4.2 Is í an phríomh-shaincheist atá ag teacht chun cinn ón gcomhairliúchán ná an gá atá le riachtanais éagsúla na ndaltaí a chur i bhfáth agus ar an mbonn sin, acmhainní a dhíriú agus an tacaíocht a chuirfear ar fáil a chur in oiriúint do phlé le tearcghnóthachtáil, tearcghnóthachtáil i measc grúpaí áirithe san áireamh. Ba iad na grúpaí áirithe a aithníodh ná buachaillí Protastúnacha ón lucht oibre, leanaí ón Lucht Siúil, leanaí faoi mhíchumas agus daoine óga a bhfuil claonadh gnéasach difriúil acu.

4.3 Tá achoimre ar na tráchtanna maidir le tionchair chomhionannais an bheartais le fáil in Iarscríbhinn A.

4.4 Mhol freagróirí roinnt gníomhartha chomh maith gur chóir don Roinn a ghlacadh agus tá siad seo leagtha amach mar aon le freagra na Roinne in Iarscríbhinn B.

5. Conclúid agus Cinneadh na Roinne Oideachais

5.1 Beartas dírithe ar an leanbh is ea *Gach Scoil ina Scoil Mhaith: beartas um fheabhsú scoileanna* a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go gcuirtear ar chumas gach linbh, is cuma faoina gcúlra, a gcine, a n-inscne ná a reiligiún, a gcumas féin a bhaint amach ag gach céim dá bhforbairt. Chun na críche sin, ceann de phríomhthosaíochtaí an bheartais a tugadh isteach sa doiciméad beartais deiridh is ea díriú go sainiúil ar dhul i ngleic leis na bacainní ar fhoghlaim a bhíonn i gceist do mhórán daoine óga agus tacú le héiteas mianaidhme agus ardghnóthachtála do na daltaí go léir. Cuirtear an bhéim ar mhúineadh ar ardchaighdeán a sholáthar, atá dírithe ar riachtanais na ndaltaí ar leith, agus ar thacaíocht a chur ar fáil le cabhrú le daoine óga aon bhacainní ar fhoghlaim a d'fhéadfadh a bheith rompu a shárú.

5.2 Maidir leis seo, déantar Gach Scoil ina Scoil Mhaith a chomhlánú le príomhbheartais eile na Roinne Oideachais, lena n-áirítear:

- An dréacht-straitéis athbhreithnithe litearthachta agus uimhearthachta, a leagann amach cur chuig 3 Thonn a thugann le chéile múineadh ar ardchaighdeán agus soláthar tacaíochta breise aonair;
- Straitéis Luathbhlianta a fhorbairt;
- An tAthbhreithniú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú;
- An beartas faoi Bhéarla mar Theanga Bhreise;
- *The Pupil Health and Well-Being Programme* (Clár Folláine agus Sláinte na nDaltaí);
- *The Extended Schools Programme* (Clár na Scoileanna Méadaithe); agus
- An Tascfhórsa um Oideachas don Lucht Siúil.

5.3 Is í measúnacht na Roinne mar sin ná go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeartas ar gach ceann de na grúpaí Alt 75.

6. Na Céad Chéimeanna Eile agus Socruithe Monatóireachta

Na Céad Chéimeanna Eile – Forfheidhmiú Beartais

6.1 Tá an Roinn ag obair leis na comhlachtaí tacaíochta oideachais agus leis na scoileanna chun an beartas 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith' a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh. Táthar tar éis Plean Forfheidhmithe, a leagann amach na príomhghníomhartha, spriocanna agus scálaí ama, a fhoilsiú in éineacht leis an mbeartas athbhreithnithe agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Socruithe Monatóireachta

6.2 Leagann an beartas athbhreithnithe amach róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire. San áireamh leis na socruithe monatóireachta tá:

- Raon táscairí cáilíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla a fhorbairt do chuntasacht oideachasúil;
- Tacar de bhearta breisluacha agus breisluacha comhthéacsúla comhaontaithe a fhorbairt le comparáid bhríoch a chumasú idir scoileanna, agus clár tacaíochta a sholáthar do scoileanna maidir le húsáid éifeachtach sonraí;
- Féin-mheasúnú scoileanna;
- Monatóireacht ag an Údarás Oideachais agus Scileanna ar fheidhmíocht scoileanna;
- Leanúint le clár cigireachtaí scoile arna ndéanamh ag an gCigireacht Oideachais agus Oiliúna; agus
- Tuarascáil bhliantúil ón Roinn ar an dul chun cinn i dtreo na bpríomhthosaíochtaí sa scoilbhliain roimhe agus na tosaíochtaí don bhliain amach romhainn.

Iarscríbhinn A

Achoimre ar na Príomhthráchtanna sna Freagraí ar an gComhairliúchán maidir leis an Measúnacht Tionchair Chomhionannais

Aidhmeanna an Bheartais

Aontú le haidhm an bheartais, tiomantas na Roinne i leith *Gach Scoil ina Scoil Mhaith* agus fáilte a chur roimh mholtaí maidir le caighdeáin a fheabhsú.

Saincheisteanna Comhionannais Maidir le Sainghrúpaí

Ní gá go gcuireann beartas a dhíríonn ar chaighdeáin a ardú i scoileanna go ginearálta comhionannas deiseanna chun cinn do na daltaí go léir – caithfear breathnú ar riachtanais éagsúla na ndaltaí.

Bhainfeadh an Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais tairbhe as tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar shaincheisteanna comhionannais maidir le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumais, iad siúd a bhfuil claonadh gnéasach éagsúil acu, leanaí ón Lucht Siúil agus buachaillí Protastúnacha ón lucht oibre.

Seachadadh an Bheartais

'Ní oireann rogha amháin do gach duine' – caithfear difríochtaí i ngnóthachtáil oideachasúil agus sna deiseanna atá ar fáil do dhaltaí aonair a chur san áireamh. Bíonn stíleanna foghlama éagsúla ag daoine agus mar sin tá sé fíor-thábhachtach an scóip agus na hacmhainní airgeadais a thabhairt do scoileanna chun modhanna foghlama éagsúla a aimsiú lena chinntiú go ndírítear ar an duine aonair agus ar a riachtanais foghlama agus na dúshláin a bheidh i ndán dóibh.

B'fhéidir gur chóir don Roinn tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir leis an mbealach a ndíreoidh an beartas go sainiúil orthu siúd is mó i ngátar ('*target specifically at those with greatest need*') ag alt 4.1. Caithfear bealaí a mheas chun aidhmeanna an bheartais a chomhlíonadh a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn níos fearr do gach catagóir, m.sh. sainghníomhartha do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Saincheisteanna Acmhainne

Caithfear acmhainní fónta a sholáthar le cur ar chumas scoileanna riachtanais daltaí aonair a chomhlíonadh.

Gníomhartha Molta le glacadh ag an Roinn

Is cúis mhór imní í an bhearna atá ann faoi láthair idir na scoileanna is airde agus is ísle feidhmíochta. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar chórais chigireachta agus mheastóireachta le scóip a dheimhniú chun feabhas a chur ar oideachas.

Ba chóir don Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta níos fearr do scoileanna.

B'fhéidir gur chóir don Roinn tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir le faisnéis a bhailiú faoi chatagóirí comhionannais eile.

Ba chóir don Roinn córas a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an bheartais chun an éifeacht ar na grúpaí ábhartha a dhéanamh amach. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí agus iad a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.

Iarscríbhinn B

Gníomhartha arna moladh ag freagróirí agus freagra na Roinne Oideachais

Gníomh Molta don Roinn Oideachais	Freagra na Roinne Oideachais
Acmhainní fónta a sholáthar le cur ar chumas scoileanna riachtanais daltaí aonair a chomhlíonadh.	Tá £20 milliún breise á sholáthar go díreach do scoileanna thar an tréimhse buiséid 2008/09 go 2010/11. Tá cistiú breise á sholáthar chomh maith thar an tréimhse sin chun tacú le Litearthacht agus hUimhearthacht (£12m), leis an mBunchéim (£32m) agus leis an gcuraclam athbhreithnithe (£22m), Riachtanais Speisialta Oideachais agus Cuimsiú (£25m) agus sláinte agus folláine na ndaltaí (£2.5m).
Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar chórais chigireachta agus mheastóireachta le scóip a dheimhniú chun feabhas a chur ar oideachas (i gcomhthéacs an an bhearna is cúis imní atá ann faoi láthair idir na scoileanna is airde agus is ísle feidhmíochta).	Is í aidhm an bheartais go mbeadh gach scoil ina scoil mhaith agus leagtar béim ar fhéin-mheasúnú scoileanna chun réimsí feabhais a aithint agus dul i ngleic leo agus ar an tacaíocht a bheidh ag teastáil uathu chun é seo a dhéanamh. Leagtar amach socruithe monatóireachta, róil agus freagrachtaí sa bheartas athbhreithnithe. Cuirfidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna tacaíocht ar fáil do scoileanna agus déanfaidh sé monatóireacht ar fheidhmíocht i dtreo is go nglacfaidh scoileanna freagracht as na torthaí a bhaintear amach. Leanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna orthu ag déanamh cigireachtaí agus aithneoidh siad dea-chleachtas d'fhonn é a scaipeadh i measc scoileanna eile. Tá socruithe idirghabhála foirmiúla á ndéanamh chomh maith chun leasanna leanaí a chosaint má thaispeánann torthaí cigireachta go bhfuil feidhmíocht mhíshásúil ag scoil.
Athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta níos fearr do scoileanna.	Tá an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) á bhunú ó Eanáir 2010 ar aghaidh agus beidh sé freagrach as tacaíocht a sholáthar do scoileanna. Tá obair idir lámha chun an ÚOS a bhunú agus cuimsítear léi obair maidir le socruithe i ndáil leis na seirbhísí tacaíochta a gcuirfidh sé ar fáil do scoileanna.
Faisnéis a bhailiú maidir le catagóirí comhionannais seachas inscne, aois, reiligiún agus stádas mionlaigh eitnigh (m.sh. claonadh gnéasach).	Bhuail an Roinn Oideachais leis an gCoimisiún Comhionannais i Meán Fómhair 2008 agus beidh tuilleadh díospóireachtaí ann chun bealaí eile a mheas le faisnéis staitistiúil bhreise a bhailiú.
Córas a chur ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an bheartais chun an éifeacht ar na grúpaí ábhartha a	Cuimsíonn an beartas athbhreithnithe táscairí cáilíochta oideachais a mbainfear úsáid astu chun a éifeachtacht a phlé, éifeachtacht maidir le grúpaí ábhartha san áireamh. Tá an Roinn Oideachas ag breathnú ar mholtaí maidir le húsáid

dhéanamh amach.	éifeachtach sonraí, lena n-áirítear bearta breisluacha agus bearta breisluacha comhthéacsúla a fhorbairt agus na socruithe chun tacú le scoileanna. Leagann an beartas athbhreithnithe amach róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire agus foilseofar tuarascáil bhliantúil chun sonraí a sholáthar maidir leis an dul chun cinn atá déanta.